An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

# Stair

## Cur chuige Scoláire-lárnach do Stair na Sraithe Sóisearaí

## 2019 -2020

## Físghabháil Scáileáin a Ceathair

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Ionad Oideachais Mhuineacháin

cc BY NC

## Gluais na nEochairfhocal

**Tasc Measúnaithe (TM):** Is tasc scríofa é a chuireann scoláirí i gcrích laistigh den cheacht. Ní mharcálann an múinteoir ranga é ach cuirtear ar aghaidh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é le haghaidh a mharcála mar chuid den scrúdú stát-teistithe sa Stair. Is é an CNCM a shonróidh an Tasc Measúnaithe agus beidh baint aige leis an bhfoghlaim ar a bhfuil an dara Measúnú Rangbhunaithe bunaithe.

**Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBnna):** Is ionann Scrúduithe Rangbhunaithe agus ócáidí nuair a dhéanann an múinteoir na scoláirí a mheas agus na tasc(anna) ar leith ó Shonraíocht na Staire in úsáid.Is cóir breathnú ar an bpróiseas chun na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid den teagasc agus den fhoghlaim, agus ní chun críocha measúnaithe amháin Tugtar faoi na MRBnna laistigh d'am ranga na Staire agus cuirtear tréimhse trí seachtaine i leataobh chun iad a chur i gcrích.

**Tuairisíní:** Tá ceithre thuairiscín ghnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe i Stair na Sraithe Sóisearaí: *Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais, agus Níor chomhlíon na hionchais go fóill.* Meastar go mbeidh an obair uile a chuirtear isteach ag teacht le ceann de na ceithre thuairiscíní seo.

**Gnéithe Cáilíochta:** Na ráitis sna sonraíochtaí ábhar a úsáidtear chun breithiúnais a thabhairt faoi cháilíocht shaothar an scoláire d'fhonn gráid ghnóthachtála a bhronnadh le haghaidh teistiúcháin. De bhrí go bhfuil nasc dlúth idir critéir ratha agus intinní foghlama agus go bhfuil siad bunaithe ar na próisis sa seomra ranga ó lá go lá, beidh foghlaim scoláirí ina scáthán de réir a chéile ar na riachtanais atá leagtha amach sna Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear chun críocha teistiúcháin.

**Measúnú Foirmitheach**: Gníomhaíochtaí measúnaithe pleanáilte a mheallann fianaise ar fhoghlaim sa seomra Staire. Áirítear iad seo ina measc, intinní foghlama agus critéir ratha a shoiléiriú, a roinnt agus a thuiscint, ceistiú éifeachtach a ghníomhachtú, aiseolas a chuireann an fhoghlaim chun cinn agus a thugann deis don mhúinteoir agus don scoláire machnamh ar an gcaoi a bhfuil an fhoghlaim ag dul chun cinn agus cinneadh a dhéanamh le chéile faoin na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a chinntiú.

**Teanga le húsáid i réimse na Riachtanas Speisialta Oideachais**

- Scoláirí ag a mbíonn riachtanais bhreise…
- Scoláire a mbíonn deacracht aige le . . .
- Cumas thar an gcoitiantacht
- Scoláirí CFL1 / 2 ag plé le Cláir Foghlama Leibhéal 1 / Leibhéal 2
- SLA (Samhail de Leithdháileadh Acmhainní) samhail nua i gcomhair cigireacht ar riachtanais speisialta oideachais (RSO)
- Tacaíocht Scaflála do scoláire
- D.U.F. Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim

**Intinní Foghlama:** Is ráitis iad a chruthaíonn an múinteoir leis féin agus / nó leis na scoláirí a chuireann síos go soiléir ar an eolas, an tuiscint agus na scileanna stairiúla a ba chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint mar thoradh ar ghníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc. Bíonn nasc i dtólamh idir na hintinní foghlama agus toradh foghlama amháin nó níos mó i sonraíocht na Staire.

**Torthaí Foghlama:** ráitis sna sonraíochtaí curaclaim chun cur síos ar an eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith in ann a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama.

**Teagasc, foghlaim agus measúnú ilmhódach:** is meascán é de réitigh theicneolaíocha cheannródaíocha, eispéiris foghlama phraiticiúla agus modheolaíochtaí straitéiseacha teagascacha. Ní amháin go mbaineann sé le teoiric a theagasc; baineann sé le cleachtadh – foghlaim trí ghníomhú. Músclaíonn teagasc ilmhódach suimeanna foghlaimeora agus cuireann ar a gcumas fiosrú, ceistiú agus conclúidí a dhéanamh. Níos tábhachtaí arís, spreagann sé comhoibriú. Oibríonn foghlaimeoirí le chéile chun scileanna criticiúla a thógáil, fadhbanna a réiteach, righniú le tasc agus féinmhuinín a thógáil. Spreagann teagasc ilmhódach foghlaim fad saoil.

**Critéir Ratha:** ceangailte leis na hintinní foghlama agus na torthaí foghlama. An múinteoir agus / nó na scoláirí a chumann iad agus cuireann siad síos ar an gcuma a bheadh ar iarracht rathúil Cuidíonn siad leis an múinteoir, agus leis an scoláire, breithiúnais a dhéanamh faoi cháilíocht foghlama scoláirí.

**Measúnú Leanúnach:** mar chuid den obair ranga, bíonn scoláirí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí measúnaithe a bhíonn foirmitheach nó suimitheach de nádúr. Déanann múinteoirí measúnú mar chuid den chleachtas laethúil tri bhreathnú agus éisteacht agus na scoláirí i mbun tascanna, ag breathnú ar an rud atá siad a scríobh agus a dhéanamh agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfreagraíonn siad, a gcumann siad ceisteanna, agus a gcuireann siad ceisteanna. Baineann múinteoirí úsáid as an eolas measúnaithe seo chun cabhrú le scoláirí na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama a phleanáil. Ó am go chéile, beidh an measúnú seo níos struchtúrtha agus níos foirmiúla áit a gcaithfidh múinteoirí léargas a ghabháil de dhul chun cinn scoláirí chun cinntí a dhéanamh ar phleanáil sa todhchaí agus tuairisc a dhéanamh ar dhul chun cinn. Is féidir go mbeadh tionscadail, fiosrúcháin, cásanna staidéir agus / nó teisteanna i gceist agus is féidir go dtarlódh a leithéid ag amanna ar leith i bhféilire na scoile.

**Cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) :** Gheofar comhthuiscint ar chaighdeáin na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.Tugann na múinteoirí rannpháirteacha a gcuid samplaí féin d'obair scoláirí isteach agus cuireann siad a mbreithiúnais féin i gcomparáid le breithiúnais a gcomhghleacaithe, mar aon leis na samplaí anótáilte d'obair scoláirí agus sonraíochtaí a chuireann an CNCM ar fáil. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht scoláirí a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

**Measúnú Suimitheach:** Measúnú suimitheach a bhíonn i gceist nuair a úsáidtear é chun foghlaim scoláire a mheas ag deireadh an phróisis teagaisc nó tréimhse foghlama áirithe. Is í an aidhm atá leis, achoimre a dhéanamh ar ghnóthachtáil scoláirí Staire na Sraithe Sóisearaí agus a dhearbhú cé acu a léirigh na scoláirí nó cé mhéad a léirigh siad tuiscint ar an bhfoghlaim sin trína cur i gcomparáid le critéir ratha nó le Gnéithe Cáilíochta a comhaontaíodh..

**Eispéiris Foghlama:** is eispéiris scoláire-lárnacha iad seo a dearadh chun cabhrú le teagasc, foghlaim agus measúnú i seomraí ranga Stair na Sraithe Sóisearaí. Is é an chéad chéim chun eispéiris foghlama spreagúla a chruthú sa seomra ranga an phríomhfhoghlaim ó aonaid foghlama na roinne a shainaithint. Ba chóir go gcuirfeadh an fhoghlaim roimhe seo bonn eolais faoi phointe tosaithe an scoláire. Ba chóir don dearadh cur síos go soiléir ar an bhfoghlaim ina mbíonn na scoláirí rannpháirteach trí intinní foghlama agus critéir ratha a úsáid, atá scríofa i dteanga atá sothuigthe ag scoláirí agus a roinntear leo. Ba chóir aird a dhíriú ar cleachtais uileghabhálacha agus eispéiris foghlama á ndearadh chun deiseanna a thabhairt do na scoláirí uile a gcuid foghlama a léiriú agus a ndúshlán a thabhairt chun an fhoghlaim a leathnú.

**Aonad Foghlama:** Úsáidfidh múinteoirí na torthaí foghlama a cuireadh ar fáil i Sonraíocht na Staire mar thúsphointe pleanála le haghaidh aonad foghlama. Déantar nasc leis na torthaí foghlama a chuireann síos go soiléir ar an eolas, an tuiscint agus na scileanna a ba chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint de bharr na ngníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc san aonad sin.

Nótaí:

# Comhpháirtithe i Leasú Oideachais na Sraithe Sóisearaí

| An Roinn Oideachais agus Scileanna / Department of Education and Skills | NCCA | Coimisiún na Scrúduithe Stáit / State Examinations Commission | An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí / JuniorCYCLE for teachers |
|---|---|---|---|
| **Forbhreathnú** | | | |
| Is í an Chigireacht an rannóg sa Roinn Oideachais agus Scileanna atá freagrach as bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus ionaid oideachais a mheas. Mar chuid dá cuid oibre, áirítear foilsiú tuairiscí ar chigireachtaí ábhar agus ar Chigireachtaí na Scoile Uile. | The Is foras reachtúil de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna é an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). | Tá Coimisiún na Scrúduithe Stáit freagrach as forbairt, measúnú, creidiúnú agus deimhniú a dhéanamh ar scrúduithe dara leibhéal Stát na hÉireann lena n-áirítear an tSraith Shóisearach agus an Ardteistiméireacht. Is foras poiblí neamhroinne é Coimisiún na Scrúduithe Stáit faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Scileanna. | Is sainseirbhís tacaíochta um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna í an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM). Is í an fheidhm atá aici tacú le scoileanna agus iad ag cur i bhfeidhm an Chreata nua don tSraith Shóisearach (2015) trí FGL oiriúnach ar ardchaighdeán a sholáthar do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí agus trí acmhainní éifeachtacha teagaisc agus foghlama a chur ar fáil. |
| **Príomhfhoilseacháin** | | | |
| Ag Breathnú ar an Scoil Againne<br>Clár Céimithe | Creat don tSraith Shóisearach (2015).<br>Sonraíocht Staire na Sraithe Sóisearaí (2017)<br>Treoirlínte Measúnaithe Staire na Sraithe Sóisearaí (2018) | Tascanna Measúnaithe.<br>Páipéir Scrúdaithe Shamplacha.<br>Leabhráin Treoirlínte maidir le Tascanna Measúnaithe a chur i gcrích. | Tacaí FGL.<br>Seimineáir Ghréasáin<br>Tacaí Pleanála. |
| **Seoladh Gréasáin** | | | |
| www.education.ie/ga/An-Roinn/Bainist%C3%ADocht-Eagar/Cigireacht-.html | www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/History?lang=ga-ie | www.examinations.ie/?l=ir&mc=ex&sc=jc | www.jct.ie/leagangaeilge/history/history_ga |
| **Nasc-Chód MF** | | | |
| | | | |

## Measúnú comhoibríoch agus athbhreithniú ar chleachtas ó Ag Breathnú ar an Scoil Againne

| CAIGHDEÁIN | RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA | RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA |
|---|---|---|
| **I gcomhar lena chéile forbraíonn na múinteoirí agus cuireann siad i bhfeidhm cleachtais measúnaithe fhoirmitheacha agus shuimitheacha atá comhsheasmhach agus iontaofa** | Pléann na múinteoirí leis an measúnú mar iarracht chomhoibríoch chun tacú le foghlaim na scoláirí agus chun a ngnóthachtáil a thomhas.<br><br>Tá polasaí scoile uile um measúnú forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile atá iomchuí don churaclam agus dá scoláirí. Áiríonn an polasaí seo cleachtais um measúnú foirmitheach agus suimitheach. Cuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach é.<br><br>Tá cur chuige scoile uile forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile i dtaca le haiseolas ó bhéil agus aiseolas scríofa a sholáthar do na scoláirí. Cuirtear an cur chuige seo i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus áiríonn sé an comh-athbhreithniú ar obair na scoláirí.<br><br>Tá taifid ar mheasúnú forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile atá soiléir, úsáideach agus éasca le léirthuiscint agus roinnt. Tugann na taifid seo pictiúr cuimsitheach de na gnóthachtálacha agus na riachtanais atá ag gach scoláire. | Pléann na múinteoirí leis an measúnú mar iarracht chomhoibríoch chun tacú le foghlaim na scoláirí agus chun a ngnóthachtáil a thomhas.<br><br>Tá polasaíscoile uile um measúnú forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile atá iomchuí don churaclam agus dá scoláirí. Áiríonn an polasaí cleachtais um measúnú foirmitheach agus suimitheach. Cuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach é agus **déantar athbhreithniú air i gcomhar lena chéile.**<br><br>Tá cur chuige scoile uile forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile i dtaca le haiseolas ó bhéil agus aiseolas scríofa a sholáthar do na scoláirí. Cuirtear an cur chuige seo i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus tá sé **bunaithe ar** an gcomh-athbhreithniú ar obair na scoláirí.<br><br>Tá taifid ar mheasúnú forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile atá soiléir, úsáideach agus éasca le léirthuiscint agus roinnt. Tugann na taifid seo pictiúr cuimsitheach de na gnóthachtálacha agus na riachtanais atá ag gach scoláire agus **tógtar orthu de réir a chéile de réir mar a ghluaiseann an scoláire tríd an scoil.** |
| **Cuidíonn na múinteoirí leis an acmhainn uile-foirne a thógáil trína saineolas a chomhroinnt** | Aithníonn na múinteoirí an luach atá le hacmhainn foirne uile a thógáil agus tá siad sásta a saintaithí a roinnt leis na múinteoirí eile sa scoil.<br><br>Tá na múinteoirí sásta a saintaithí a roinnt le múinteoirí ó scoileanna eile, mar shampla trí ionaid oideachais, fóraim ar líne, agus cuairteanna scoile.<br><br>Gabhann na múinteoirí go rialta d'athbhreithniú comhoibríoch gairmiúil ar chleachtais teagaisc agus foghlama.<br><br>Tá na múinteoirí oscailte chun saineolas comhoibríoch a thógáil sna scileanna agus cuir chuige atá riachtanach chun cuidiú le foghlaim na scoláirí don todhchaí. | Cuireann na múinteoirí **luach ar an ról atá acu laistigh d'eagraíocht ghairmiúil foghlama,** agus **mar ghnáthnós** roinneann siad a saintaithí leis na múinteoirí eile sa scoil.<br><br>**Roinneann** na múinteoirí a saintaithí le múinteoirí ó scoileanna eile, mar shampla trí ionaid oideachais, fóraim ar líne, agus cuairteanna scoile.<br><br>Gabhann na múinteoirí go rialta d'athbhreithniú comhoibríoch gairmiúil ar chleachtais teagaisc agus foghlama, agus úsáideann siad é **chun cuir chuige éifeachtacha a aithint agus tógáil orthu.**<br><br>Tá na múinteoirí **réamhghníomhach** chun saineolas comhoibríoch a thógáil sna scileanna agus cuir chuige atá riachtanach chun cuidiú le foghlaim na scoláirí don todhchaí. |

NCCA

| Na Gnéithe Cáilíochta: Stair - *An t-am atá thart i m'áit* | |
|---|---|
| **Thar barr ar fad**<br><br>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm. | Léirítear sa taispeántas braistint comhfhiosacht staire thar a bheith forbartha agus tá cuspóir an-soiléir le feiceáil ann<br><br>Taispeántar tuiscint eisceachtúil sa taispeántas ar ról na fianaise i mbreithiúnais staire a dhéanamh<br><br>Tá an taispeántas an-mhaith ag nascadh gné áitiúil le 'mórphictiúr' an ama atá thart, agus léirítear roinnt úrnuachta. |
| **Os cionn na n-ionchas**<br><br>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán. | Léirítear sa taispeántas braistint comhfhiosacht staire láidir agus tá cuspóir soiléir le feiceáil ann<br><br>Taispeántar tuiscint an-mhaith sa taispeántas ar ról na fianaise i mbreithiúnais staire a dhéanamh<br><br>Tá nasc soiléir sa taispeántas idir gné áitiúil le 'mórphictiúr' an ama atá thart ar bhealach an-spéisiúil. |
| **Ag teacht leis na hionchais**<br><br>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó. | Léirítear sa taispeántas braistint comhfhiosacht staire éigin agus tá cuspóir le feiceáil ann, cé nach bhfuil an cuspóir sin soiléir i gcónaí<br><br>Taispeántar tuiscint éigin sa taispeántas ar ról na fianaise i mbreithiúnais staire a dhéanamh<br><br>Tá roinnt nasc sa taispeántas idir gné áitiúil agus 'mórphictiúr' an ama atá thart. |
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br><br>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáirire nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart. | Is beag braistint comhfhiosacht staire a léirítear sa taispeántas, má léirítear ar chor ar bith é, agus níl cuspóir le feiceáil ann<br><br>Is beag tuiscint a thaispeántar sa taispeántas ar ról na fianaise i mbreithiúnais staire a dhéanamh, má thaispeántar ar chor ar bith é<br><br>Is beag nasc atá sa taispeántas idir gné áitiúil agus 'mórphictiúr' an ama atá thart, más ann dó ar chor ar bith. |

| Na Gnéithe Cáilíochta: Stair – *Saol i dTréimhse Ama* | |
|---|---|
| **Thar barr ar fad**<br><br>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm. | Léirítear sa taifead scríofa braistint comhfhiosacht staire thar a bheith forbartha, agus comhleanúnachas iontach san inneachar, cur chuige agus struchtúr<br><br>Taispeántar sa taifead scríofa taighde agus tuiscint eisceachtúil ar ról na fianaise i mbreithiúnais a dhéanamh agus conclúidí a bhaint as<br><br>Tá naisc an-mhaith sa taifead scríofa idir an t-ábhar agus 'mórphictiúr' an ama atá thart, agus léirítear roinnt úrnuachta. |
| **Os cionn na n-ionchas**<br><br>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán. | Léirítear sa taifead scríofa braistint comhfhiosacht staire láidir, agus comhleanúnachas inmholta san inneachar, cur chuige agus struchtúr<br><br>Taispeántar sa taifead scríofa taighde agus tuiscint an-mhaith ar ról na bhfoinsí staire i mbreithiúnais a dhéanamh agus conclúidí a bhaint as<br><br>Tá naisc shoiléire sa taifead scríofa idir an t-ábhar agus 'mórphictiúr' an ama atá thart, ar bhealach an-spéisiúil. |
| **Ag teacht leis na hionchais**<br><br>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó. | Tá braistint comhfhiosacht staire éigin sa taifead scríofa, agus cuirtear an t-inneachar agus an cur chuige i láthair ar bhealach atá sách struchtúrtha<br><br>Taispeántar sa taifead scríofa taighde maith agus roinnt tuisceana ar ról na bhfoinsí staire i mbreithiúnais a dhéanamh agus conclúidí a bhaint as<br><br>Tá roinnt nasc sa taifead scríofa idir an t-ábhar agus 'mórphictiúr' an ama atá thart. |
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br><br>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart. | Is beag braistint comhfhiosacht staire a léirítear sa taifead scríofa, má léirítear ar chor ar bith é, agus tá easpaí suntasacha san inneachar, cur chuige agus struchtúr<br><br>Taispeántar sa taifead scríofa taighde teoranta agus is beag tuiscint a léirítear, má léirítear ar chor ar bith é, ar ról na bhfoinsí staire i mbreithiúnais a dhéanamh agus conclúidí a bhaint as<br><br>Is beag braistint den 'mhórphictiúr' a thaispeántar sa taifead scríofa, má thaispeántar ar chor ar bith é, agus níl ord ná eagar ar na naisc idir é agus an t-ábhar agus/nó ní chothaítear i gceart iad. |

## Gnéithe Cáilíochta – 6C:




1. **Cad** iad na Gnéithe Cáilíochta?

   Is critéir iad atá leagtha amach ag CNCM chun cabhrú le measúnú a dhéanamh ar obair scoláire in MRBnna na Staire. Rinneadh na Gnéithe Cáilíochta a dhearadh le tagairtí do na torthaí foghlama ón tSonraíocht Staire ar a bhfuil na MRBnna bunaithe agus díríonn siad go háirithe ar Shnáithe 1 Nádúr na Staire.

2. **Cá háit** a gcuirtear na Gnéithe Cáilíochta i bhfeidhm**?**

   Cuirtear na Gnéithe Cáilíochta i bhfeidhm ar obair scoláirí le linn an dá Mheasúnú Rangbhunaithe i Stair na Sraithe Sóisearaí

3. **Cé** a bhaineann úsáid as na Gnéithe Cáilíochta**?**

   **Scoláirí:** ba chóir taithí a bheith ag scoláirí ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear chun breithiúnas á dhéanamh ar cháilíocht a gcuid oibre, ag am cuí ina gcuid foghlama
   **Múinteoirí:** ba chóir do mhúinteoirí na Gnéithe Cáilíochta a úsáid chun cabhrú leo eispéiris foghlama a dhearadh do thréimhse trí seachtaine na MRBnna. Bainfidh múinteoirí úsáid as na Gnéithe Cáilíochta chun dul chun cinn scoláirí le linn na tréimhse MRB a mheas agus aiseolas foirmitheach a thabhairt a chabhróidh leis an bhfoghlaim a thabhairt chun cinn
   **Ranna Ábhar**: ba chóir do na Ranna Ábhar na Gnéithe Cáilíochta a úsáid chun cabhrú leo comhphleanáil agus leanúnachas a fhorbairt ina gcuid breithiúnais ghairmiúla ar obair scoláirí

4. **Cá huair** a bhaintear úsáid as na Gnéithe Cáilíochta?

   **<u>Mar ullmhúchán i gcomhar Measúnuithe Rangbhunaithe:</u>**
   **Múinteoirí:** cuireann na Gnéithe Cáilíochtaí bonn eolais faoi dhearadh na n-eispéireas foghlama do thréimhse trí seachtaine an MRB.
   **Scoláirí:** ag am cuí ina gcuid foghlama agus mar chuid den ullmhúchán s'acu do na MRBnna, ba chóir tuiscint a thabhairt d'fhoghlaimeoirí ar na Gnéithe Cáilíochta a mbainfear úsáid astu chun cáilíocht a gcuid oibre a mheas
   **Ranna Ábhar**: cuirfidh na Gnéithe Cáilíochta bonn eolais faoi chomhphleanáil na n-aonad foghlama. Cinnteoidh sé sin go mbeidh deis ag scoláirí dul i ngleic leis na torthaí foghlama ó Shnáithe a hAon agus iad a léiriú roimh na MRBnna.
   **<u>Le linn na Measúnuithe Rangbhunaithe:</u>**
   **Múinteoirí:** Éascaíonn na Gnéithe Cáilíochta soláthar an aiseolais fhoirmithigh le linn do scoláirí a bheith ag tabhairt faoi na MRBnna.
   **Scoláirí:** Is féidir na Gnéithe Cáilíochta a úsáid chun aiseolas foirmitheach a chur ar fáil do scoláirí agus iad ag tabhairt faoina gcuid MRBnna. Táthar ag súil leis go mbeidh na samplaí anótáilte d'obair scoláirí ina gcabhair chun a gciall agus a léirmhíniú a shoiléiriú do mhúinteoirí agus do scoláirí
   **Ranna Ábhar:** Is féidir go gcabhródh na Gnéithe Cáilíochta le comhoibriú agus machnamh múinteoirí ar dhul chun cinn a gcuid scoláirí agus ar éifeachtúlacht na pleanála sna haonaid foghlama
   **<u>I ndiaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe:</u>**
   **Múinteoirí:** baineann siad úsáid as na Gnéithe Cáilíochta chun tuairiscíní sealadacha s'acu a bhronnadh ar obair scoláirí. Is féidir mionathruithe a dhéanamh ar na breithiúnais shealadacha i bhfianaise na léargas a fhaightear ón bplé gairmiúil le linn an AFMÁ. Le linn an Tuairiscín deiridh MRB a bronnadh ar an obair a thuairisciú don scoláire agus do na tuismitheoirí, is féidir le múinteoirí na Gnéithe Cáilíochta a úsáid chun aiseolas foirmitheach a thabhairt don scoláire lena spreagadh i mbun machnaimh agus foghlama san am atá le teacht.
   **Scoláirí:** is féidir leo tagairt do na Gnéithe Cáilíochta agus iad ag machnamh ar an tuairiscín a bronnadh ar a gcuid oibre ar an MRB Staire agus iad a spreagadh i gceann foghlama san am atá le teacht

**Ranna Ábhar**: Is féidir tagairt a dhéanamh do na Gnéithe Cáilíochta chun cabhrú le machnamh ar eispéireas teagaisc agus foghlama na MRBnna agus chun comhphleananna a oiriúnú agus a mhionathrú chun cabhrú le MRBnna

## 5. **Cén fáth** a mbaintear leas as na Gnéithe Cáilíochta?

Baintear leas as na Gnéithe Cáilíochta chun cabhrú le tuairiscíní a bhronnadh ar obair scoláirí (Taispeántas agus / nó Taifead Scríofa) in MRBnna. Cuireann sé ar chumas na múinteoirí leanúnachas i mbreithiúnais ar obair scoláirí a bhaint amach agus teacht acu ar na Gnéithe Cáilíochta atá leagtha amach ag CNCM do MRBnna na Staire
Cabhraíonn na Gnéithe Cáilíochta le luach measúnú foirmitheach na MRBnna, sa mhéid is gur tríothu a sholáthraítear aiseolas do scoláirí. Tugann na Gnéithe Cáilíochtaí téarmaí tagartha don phlé idir múinteoirí a chabhraíonn leo breithiúnais ghairmiúla a dhéanamh i dtaobh bhronnadh na dtuairiscíní agus iad ag athamharc ar obair scoláirí le linn cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ).

## 6. **Conas** a chuirtear na Gnéithe Cáilíochta i bhfeidhm?

Níl aon phatrún dáilte ar leith ann maidir leis na Gnéithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm ar obair scoláirí sna MRBnna ná leis na tuairiscíní a luaitear leis an obair ina dhiaidh sin. Déantar measúnú ar obair scoláire de réir mar a thugtar fianaise inti ar na Gnéithe Cáilíochta agus ní de réir obair scoláirí eile.

**<u>An bronnadh sealadach (roimh an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair)</u>**
Baineann an múinteoir leas as na Gnéithe Cáilíochta chun tuairiscín sealadach a bhronnadh ar obair scoláire. Déantar é sin agus cur chuige breithiúnas 'ar an iomlán' in úsáid. Agus é ag tosú ar an measúnú, baineann an múinteoir an cur chuige seo amach trí na Gnéithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm ar obair a mheastar Nár chomhlíon na hionchais fós. Bogann siad trí na leibhéil go dtí go mbaineann siad amach an tuairiscín is fearr a chuireann síos ar an obair. Baineann an múinteoir leas as an measúnú sealadach seo chun píosaí oibre a roghnú le tabhairt leis / léi chuig an gcruinniú AFMÁ. Spreagtar múinteoirí chun píosa oibre a roghnú a léiríonn ceann de na tuairiscíní – más indéanta, agus píosaí ar bith eile a bhfuil deacrachtaí acu tuairiscín a bhronnadh orthu.

**<u>Le linn an chruinnithe AFMÁ:</u>**
Cabhraíonn éascaitheoir an chruinnithe AFMÁ chun na Gnéithe Cáilíochta a bhronnadh ar shamplaí d'obair scoláirí le linn athbhreithnithe ar na measúnuithe sealadacha. Is é fócas an phlé ghairmiúil idir múinteoirí teacht ar chomhaontú ar a fheabhas a meaitseálann obair scoláirí leis na Gnéithe Cáilíochta. Roinneann múinteoirí a mbreithiúnas gairmiúil 'ar an iomlán' ar obair scoláire lena gcomhghleacaithe chun teacht ar chomhréiteach maidir le caighdeáin. Mura mbíonn comhréiteach le linn an chruinnithe athbhreithnithe, úsáidtear an cur chuige 'is fearr a oireann'
Trí chomhrá, déanann na múinteoirí athbhreithniú ar phíosa oibre agus lorgaíonn fianaise go bhfuil sé ag teacht leis na Gnéithe Cáilíochta uile nó chóir a bheith iad uile a bhaineann le tuairiscín áirithe. Cuireann an míniúchán ar gach ceann de na tuairiscíní bonn eolais faoi bhreithiúnais ghairmiúla na múinteoirí ag cruinniú AFMÁ. Ba chóir gurb é an tuairiscín a mholtar ar an obair atá á meas an ceann 'is fearr a oireann ar an iomlán'

**<u>Na Tuairiscíní Deiridh á mBronnadh:</u>**
I ndiaidh an chruinnithe AFMÁ, is féidir le múinteoirí dul ar ais chuig na tuairiscíní sealadacha a bronnadh ar obair scoláirí i bhfianaise na léargas a fuarthas le linn an dioscúrsa ghairmiúil
Is féidir ansin gur mhaith leo dul siar ar naGnéithe Cáilíochta a d'úsáid siad sula dtuairiscíonn agus a dtaifeadann siad an tuairiscín deiridh d'obair na scoláirí.

## Treoir i leith Cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair:

### Roimh an gcruinniú:

Gach múinteoir:

- Déanann siad athbhreithniú ar roinnt de na samplaí cuí anótáilte de chuid CNCM sula ndéanfaidh siad cinntí i dtaobh obair a gcuid scoláirí féin
- Déanann siad measúnú sealadach ar obair MRB na scoláirí bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta (is féidir measúnaithe sealadacha a mhionathrú i bhfianaise na gcomhráití a tharlaíonn ag an gcruinniú AFMÁ)
- Breacann séiad síos nóta den tuairiscín a bhronntar ar gach scoláire agus pointe ar bith eile is mian leo nó arbh fhiú tagairt dó le linn agus i ndiaidh an chruinnithe AFMÁ, d'úsáid s'acu féin amháin
- Sonróidh gach múinteoir sampla amháin oibre de chuid an scoláire do gach tuairiscín, más féidir, agus beidh siad seo ar fáil lena bplé ag an gcruinniú

### Le linn an chruinnithe:

Coinníonn an t-éascaitheoir taifead ar na cinntí a dhéantar ar theimpléad, a úsáidtear chun tuairisc a ghiniúint ar an gcruinniú agus ba chóir go leanfadh sé an seicheamh seo go ginearálta:

- Míníonn an t-éascaitheoir gurb é cuspóir an chruinnithe: Cabhrú le leanúnachas maidir le breithiúnas ar obair scoláirí

Teacht ar chomhthuiscint faoi cháilíocht foghlama scoláirí agus aiseolas a thabhairt do scoláirí conas is féidir leo a gcuid oibre a fheabhsú

- Iarrann an t-éascaitheoir ar bhall amháin foirne an sampla oibre a mheasann sé 'Níor chomhlíon na hionchais go fóill' a chur i láthair
- Treoraíonn an t-éascaitheoir comhrá ginearálta ar oiread a thagann obair an scoláire leis na Gnéithe Cáilíochta cuí
- Má ghlacann a bhfuil i láthair leis an gcinneadh, déanann an t-éascaitheoir nóta de sin ar thaifead an chruinnithe
- Leagtar béim i gcónaí ar an gcur chuige 'is fearr a oireann' a chabhraíonn le múinteoirí aontú ar an tuairiscín is fearr 'ar an iomlán' a oireann don obair atá á meas.
- Ba chóir am réasúnta a cheadú don phlé agus ba chóir don éascaitheoir úsáid a bhaint as an gcinneadh gairmiúil chun socrú cén uair is cóir bogadh ar aghaidh chuig an gcéad sampla eile
- Ba chóir díospóireacht a dhéanamh ar dhá shampla, ar a laghad, de gach tuairiscín, más féidir, agus ba chóir don éascaitheoir a chinntiú go bpléitear ar a laghad sampla amháin le gach múinteoir.
- Déantar an próiseas arís eile agus pléitear agus roinntear samplaí a mheastar a bheith 'Ag teacht leis na hionchais, Os cionn na n-ionchas agus Thar Barr
- Ag deireadh an chruinnithe, déanann an t-éascaitheoir achoimre ghairid ar na príomhphointí a pléadh

### I ndiaidh an chruinnithe:

each Déanann gach múinteoir machnamh ar an measúnú a rinneadh ar obair na scoláirí bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, más gá, déanann siad mionathruithe ar na breithiúnais shealadacha a rinne siad, go háirithe i gcás na dtuairiscíní nach bhfuil ag teacht le breithiúnas mhórchuid an chruinnithe. Cuireann an t-éascaitheoir bailchríoch ar an tuairisc s'aige ón gcruinniú ina ndírítear ar na torthaí a d'eascair as an gcomhrá ar obair scoláirí ag an gcruinniú agus seoltar chuig an bpríomhoide í. Is féidir go n-iarrfadh an t-éascaitheoir ar mhúinteoirí, más mian leis, cuid den obair a rinne scoláirí a chur le banc samplaí: Chun cabhrú le hionduchtú múinteoirí nua

Chun cabhrú le cruinnithe AFMÁ amach anseo

Chun a úsáid le scoláirí agus le tuismitheoirí chun cáilíocht na hoibre a baineadh amach a léiriú.

## Chun Samplaí a roinnt d'Obair Scoláirí don chruinniú AFMÁ ar an MRB 'An t-am atá thart i m'Áit Féin'

Ba chóir do gach múinteoir Dara Bliain ceithre shampla d'obair scoláire a sheoladh chuig an gCruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ). **Más cuí, ba chóir sampla amháin ag gach ceann de na ceithre leibhéil tuairiscithe a bheith san áireamh i measc na samplaí seo.**

Bainfear leas as an eolas chun Ord Reatha a Chruthú don chruinniú AFMÁ atá ag teacht aníos Ó tharla gur féidir nach mbeidh am chun na samplaí uile a phlé, le do thoil cuir uimhir ó 1 go 4 ar na píosaí. Ba chóir go léireodh 1 an sampla is mó a ba mhian leat á phlé.

Seoltar do chuid samplaí chugam roimh: ____________________

**Ainm an Mhúinteoir:** ________________________________________

| | |
|---|---|
| **Sampla:**<br>**Níor chomhlíon na hionchais go fóill (más cuí)** | Formáid:<br><br>Topaic/Teideal:<br><br>Tuairiscín Sealadach:<br><br>Rogha chun úsáid ag AFMÁ: |
| **Sampla:**<br>**Ag teacht leis na hionchais (más cuí)** | Formáid:<br><br>Topaic/Teideal:<br><br>Tuairiscín Sealadach:<br><br>Rogha chun úsáid ag AFMÁ: |
| **Sampla:**<br>**Os cionn na n-ionchas (más cuí)** | Formáid:<br><br>Topaic/Teideal:<br><br>Tuairiscín Sealadach:<br><br>Rogha chun úsáid ag AFMÁ: |
| **Sampla:**<br>**Thar barr ar fad (más cuí)** | Formáid:<br><br>Topaic/Teideal:<br><br>Tuairiscín Sealadach:<br><br>Rogha chun úsáid ag AFMÁ: |

## Chun Samplaía roinnt d'Obair Scoláirí don chruinniú AFMÁ ar an MRB 'Saol i dTréimhse Ama'

Each Ba chóir do gach múinteoir Tríú Bliain ceithre shampla d'obair scoláire a sheoladh chuig an gCruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ). **Más cuí, ba chóir sampla amháin ag gach ceann de na ceithre leibhéil tuairiscithe a bheith san áireamh i measc na samplaí seo.**
Bainfear leas as an eolas chun Ord Reatha a Chruthú don chruinniú AFMÁ atá ag teacht aníos. Ó tharla gur féidir nach mbeidh am chun na samplaí uile a phlé, le do thoil cuir uimhir ó 1 go 4 ar na píosaí. Ba chóir go léireodh 1 an sampla is mó a ba mhian leat á phlé..
Seoltar do chuid samplaí chugam roimh: ________________________
**Ainm an Mhúinteoir: __________________________________________________**

| | |
|---|---|
| **Sampla:**<br>**Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br>**(más cuí)** | Formáid:<br><br>Topaic/Teideal:<br><br>Tuairiscín Sealadach:<br><br>Rogha chun úsáid ag AFMÁ: |
| **Sampla:**<br>**Ag teacht leis na hionchais**<br>**(más cuí)** | Formáid:<br><br>Topaic/Teideal:<br><br>Tuairiscín Sealadach:<br><br>Rogha chun úsáid ag AFMÁ: |
| **Sampla:**<br>**Os cionn na n-ionchas**<br>**(más cuí)** | Formáid:<br><br>Topaic/Teideal:<br><br>Tuairiscín Sealadach:<br><br>Rogha chun úsáid ag AFMÁ: |
| **Sampla:**<br>**Thar barr ar fad**<br>**(más cuí)** | Formáid:<br><br>Topaic/Teideal:<br><br>Tuairiscín Sealadach:<br><br>Rogha chun úsáid ag AFMÁ: |

## MRB ‘An t-am atá thart i m’Áit Féin’

**Ord Reatha na Samplaí**

**Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair**

**Éascaitheoir:** ______________________________

**Dáta an chruinnithe AFMÁ:** ______________________________

**Samplaí bailithe:** ______________________________

| **Ainm an Mhúinteoir** | **Bronnadh Sealadach:** ‘Thar barr ar fad’ | **Bronnadh Sealadach:** ‘Os cionn na n-ionchas’ | **Bronnadh Sealadach:** ‘Ag teacht leis na hionchais’ | **Bronnadh Sealadach:** ‘Níor chomhlíon na hionchais go fóill’ |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

### Ord Reatha

| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** | **Ag teacht leis na hionchais** | **Os cionn na n-ionchas** | **Thar barr ar fad** |
|---|---|---|---|
| Formáid:<br><br>Topaic/Teideal: | Formáid:<br><br>Topaic/Teideal: | Formáid:<br><br>Topaic/Teideal: | Formáid:<br><br>Topaic/Teideal: |
| Formáid:<br><br>Topaic/Teideal: | Formáid:<br><br>Topaic/Teideal: | Formáid:<br><br>Topaic/Teideal: | Formáid:<br><br>Topaic/Teideal: |

## MRB ‘Saol i dTréimhse Ama’

**Ord Reatha na Samplaí**

**Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair**

**Éascaitheoir:** ___________________________________

**Dáta an chruinnithe AFMÁ:** ___________________________________

**Samplaí bailithe:** ___________________________________

| **Ainm an Mhúinteoir** | **Bronnadh Sealadach:** ‘Thar barr ar fad’ | **Bronnadh Sealadach:** ‘Os cionn na n-ionchas’ | **Bronnadh Sealadach:** **‘**Ag teacht leis na hionchais’ | **Bronnadh Sealadach:** ‘Níor chomhlíon na hionchais go fóill’ |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

### Ord Reatha

| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** | **Ag teacht leis na hionchais** | **Os cionn na n-ionchas** | **Thar barr ar fad** |
|---|---|---|---|
| Formáid:<br><br>Topaic/Teideal: | Formáid:<br><br>Topaic/Teideal: | Formáid:<br><br>Topaic/Teideal: | Formáid:<br><br>Topaic/Teideal: |
| Formáid:<br><br>Topaic/Teideal: | Formáid:<br><br>Topaic/Teideal: | Formáid:<br><br>Topaic/Teideal: | Formáid:<br><br>Topaic/Teideal: |

## Tuairisc an Éascaitheora

Cruinniú don Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

**Tuairisc an Éascaitheora**

***Cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair***

| Ábhar: | Dáta / Am |
| --- | --- |
| Tinreamh | |
| Príomhchinntí a rinneadh | |
| Pointí le cur san áireamh do chruinnithe athbhreithnithe eile amach anseo | |
| Aon torthaí eile? | |

Éascaitheoir:

Dáta:

10

## MRB / AFMÁ – Ceisteanna Coitianta a Chuirtear

### C: Cad is cruinniú AFMÁ?



'Is ag Cruinniú in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a roinnfidh múinteoirísamplaí dá gcuid measúnuithe ar obair scoláirí agus a thiocfaidh siad ar chomhthuiscint ar cháilíocht foghlama scoláirí' *Creat don tSraith Shóisearach', L. 39*

### C: Ar chóir dom aiseolas a thabhairt do mo scoláirí agus iad ag tabhairt faoin Measúnú Rangbhunaithe s'acu?

Ba chóir, is ceart an próiseas don Mheasúnú Rangbhunaithe a mheas mar chuid den teagasc agus den fhoghlaim, agus ní ar mhaithe le cúrsaí measúnaithe amháin.
Táthar ag súil go dtabharfaidh an múinteoir treoir, cabhair agus stiúir le linn an phróisis.

### C: Cén chabhair is ceart dom a thabhairt?

Ar an gcabhair is féidir a thabhairt, áirítear riachtanais an taisc a shoiléiriú, samplaí anótáilte d'obair scoláirí a úsáid chun ciall agus léirmhíniú na ngnéithe cáilíochta a shoiléiriú do scoláirí, agus treoracha a thabhairt ag amanna straitéiseacha lena chinntiú go ndéantar na measúnuithe in am trátha.

### C: An féidir le scoláirí cabhair a lorg lasmuigh den seomra ranga?

Is féidir leo tacaíocht a fháil ach caithfidh an múinteoir monatóireacht a dhéanamh ar an scoláire le linn an phróisis. Ní ghlactar don mheasúnú sa PGSS ach le hobair an scoláire féin.

### C: I Tá scoláire agam ag a bhfuil riachtanais speisialta (ROS). Cad é an chabhair is féidir a thabhairt?

Nuair a mheasann scoil go bhfuil riachtanas speisialta fisiceach nó foghlama ag scoláire, is féidir tacaí réasúnta a thabhairt a laghdóidh, oiread agus is féidir, tionchar an mhíchumais ar ghnóthachtáil an scoláire sna Measúnuithe Rangbhunaithe. Ba chóir go mbeadh na tacaí seo m.sh. cabhair ó chúntóir riachtanais speisialta nó ó theicneolaíochtaí oiriúnaitheacha ag teacht leis na socruithe atá curtha i bhfeidhm ag an scoil chun cabhrú leis an scoláire i rith na scoilbhliana.

### C: Cad é mar a mheasaimid an obair ag úsáid na nGnéithe Cáilíochta?

Ar leathanach 36 de na Treoirlínte Measúnaithe, cuirtear síos ar na Gnéithe Cáilíochta mar seo a leanas: 'I rith na gcruinnithe athbhreithnithe, nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir ba chóir a chur i bhfeidhm, ba chóir don ghrúpa fianaise a lorg in obair an scoláire a thagann leis na Gnéithe Cáilíochta ar fad, nó iad ar fad beagnach, a bhaineann le tuairisceoir ar leith. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas na múinteoirí sa chruinniú athbhreithnithe an tuairisceoir is fearr a thagann 'ar an iomlán' leis an obair atá á mheas a roghnú'.

### C Ar chóir do gach múinteoir Staire i roinn ábhair freastal ar chruinniú AFMÁ?

Luaitear i gCiorclán ROS 2.13.4 circular 0079/2018 (leathanach 20): 'Nuair a bheidh MRBnna

curtha i gcrích ag scoláirí, déanfaidh múinteoirí measúnú ar MRBnna na scoláirí agus déanfar na torthaí a thuairisciú do na scoláirí agus do thuismitheoirí / caomhnóirí. Chun tacú le múinteoirí measúnú a dhéanamh ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe na scoláirí, tabharfaidh na múinteoirí faoi chruinnithe um Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (cruinnithe AFMÁ)'. Má mhothaíonn sibh féin, mar Roinn Staire, gur fiú do mhúinteoirí eile freastal, tá cead agaibh ag leibhéal áitiúil cinneadh a dhéanamh maidir le freastal agus cén cineál róil a bheadh acu ag an gcruinniú AFMÁ.

**C: Cad é a tharlaíonn má bhíonn múinteoir as láthair ar an dáta pleanáilte don chruinniú AFMÁ?**

The Is é an dáta le haghaidh an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, ar an gcéad dul síos, an príomhdháta a chaithfear a shocrú ón raon dátaí a sholáthraíonn CNCM. Agus an dáta sin á shocrú ag an scoil, caithfidh sí a dálaí áitiúla a chur san áireamh agus an MRB, An tAm atá thart i m'Áit Féin, a bheith curtha i gcrích roimh dheireadh Bhliain a Dó

Má aontaíonn sibh dáta ag an tús don chruinniú AFMÁ, cuideoidh sé chun a chinntiú go mbíonn gach duine in ann freastal. Má bhíonn duine as láthair agus gan neart aige air, beifear ag brath ar chúinsí áitiúla cé acu a chuirfear an cruinniú ar athlá nó nach gcuirfear.

**C: An féidir achomharc a dhéanamh ar thuairiscín?**

Is í an scoil a bheidh ag plé le ceisteanna i ndáil leis na Tuairiscíní a bhronntar ar na Measúnuithe Rangbhunaithe, nuair a thagann a leithéid chun cinn. (Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe, L. 21).

**C: Cá huair a tharlaíonn an cruinniú AFMÁ?**

Déanann CNCM teorainneacha na ndátaí don MRB agus don AFMÁ a athnuachan go bliantúil ag www.ncca.ie

**C: Cad é a tharlaíonn mura mbíonn comhaontú ag an gcruinniú AFMÁ?**

Ag an gcruinniú AFMÁ, 'déanfaidh múinteoirí samplaí dá measúnuithe ar obair scoláirí a roinnt agus a phlé agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint faoi cháilíocht foghlama na scoláirí Cuideoidh an tacaíocht struchtúrtha seo do na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBnna) le comhsheasmhacht agus cothroime a dheimhniú laistigh den scoil agus idir scoileanna agus breithmheas á dhéanamh ar fhoghlaim scoláirí (Creat don tSraith Shóisearach, L.8-9). Is trí idirphlé a thagtar ar chomhaontú faoi chaighdeáin. Más amhlaidh nach féidir teacht ar chomhaontú, ba chóir don éascaitheoir é sin a bhreacadh ina thuairisc ar an gcruinniú.

**C: An gcaithfidh tú athmheasúnú a dhéanamh ar obair uile an scoláire tar éis an chruinnithe AFMÁ?**

'Tar éis an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh ar bhreithiúnas ar obair na scoláirí bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an

obair ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na Tuairisceoirí a bhronntar chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí' (Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe, L.32).

**C: An gceadaítear do scoláire i mbun Máistreacht Ghairmiúil le hOideachas freastal ar chruinniú AFMÁ mar bhreathnóir?**

Ceadaítear, ceadaítear dó freastal ar chruinniú AFMÁ mar bhreathnóir. Má bhíonn siad ag obair le rang a bhfuil measúnú á dhéanamh orthu, is é an múinteoir ranga comhoibríoch a bhronnann na tuairiscíní agus a dhéanann athbhreithniú orthu.

**C:An dtugtar an obair ar ais do scoláirí nó an gcoimeádtar sa scoil í?**

Tugtar an obair ar ais do na scoláirí i ndiaidh duit, mar mhúinteoir, machnamh a dhéanamh ar an mbreithiúnas a rinneadh ar obair an scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe AFMÁ agus i ndiaidh tuairiscín deiridh a thabhairt uirthi.  Is féidir go n-iarrfadh an t-éascaitheoir ar mhúinteoirí, más mian leis, cuid den obair a rinne scoláirí a chur le banc samplaí:

Chun cabhrú le hionduchtú múinteoirí nua

Chun cabhrú le cruinnithe AFMÁ amach anseo

Chun a úsáid le scoláirí agus le tuismitheoirí chun cáilíocht na hoibre a baineadh amach a léiriú

**C: Cén dóigh a ndéantar taifead ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe?**

I ndiaidh an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, déanann gach múinteoir athmhachnamh ar an mbreithiúnas a rinne siad ar obair an scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus nuair is gá, déanann oiriúnuithe cuí ar an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an obair. Coinníonn an múinteoir ranga taifead ar na tuairiscíní deiridh a bronnadh agus roinntear iad leis an éascaitheoir AFMÁ.

**C: Cén dóigh a ndéantar na Measúnuithe Rangbhunaithe a thuairisciú?**

Tá na Measúnuithe Rangbhunaithe le húsáid chun dul chun cinn agus gnóthachtáil scoláirí a thuairisciú chuig tuismitheoirí agus chuig scoláirí mar chuid de ghnásanna na scoile i leith tuairisciú leanúnach agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS).


**C: Ar chóir don MRB áit scrúduithe an tsamhraidh a thógáil?**

Luaitear i gCiorclán 0079/2018 rannóg 2.13 (lch 16): 'Is gá an 'rómheasúnú' a sheachaint agus an t-ualach carnach ar scoláirí agus ar mhúinteoirí a bhaineann leis an iliomad measúnuithe sa réimse iomlán ábhar a íoslaghdú. Sa chomhthéacs sin, tógfaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe ionad na measúnuithe eile a dhéantar sa scoil faoi láthair amhail scrúduithe inmheánacha na scoile (Nollaig/deireadh an téarma) de réir mar is cuí.'

## Ag Machnamh ar an bhfísghabháil scáileáin seo

Arna chur in oiriúint ó Lenses (1995) ag Brookfield

Déan machnamh ar na léargais a fuair tú ó bhfísghabháil scáileáin seo a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar do chleachtas trí na lionsaí seo a leanas. Is féidir go mbeadh roinnt freagraí mar an gcéanna



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

Stair

## Déan teagmháil linn

| Oifig Riaracháin: | Oifig an Stiúrthóra: |
|---|---|
| An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM),<br>Ionad Oideachais Mhuineacháin,<br>Cnoc an Chonnaidh,<br>Br. Ard Mhacha,<br>Co. Mhuineacháin | An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM),<br>BOOLM,<br>Sráid an tSéipéil,<br>Dún Dealgan,<br>Co. Lú |

www.metc.ie

Má tá ceist agat gabh i dteagmháil linn ag: info@jct.ie

@JCforTeachers

@JCTHistory

Follow us on Twitter

@JCforTeachers

@JCTHistory

www.jct.ie

www.ncca.ie

www.curriculumonline.ie

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Ionad Oideachais Mhuineacháin

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers